CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais
i gCás C-583/24 | [Tagu] [1]

Preaseisiúint Uimh. 154/26

Lucsamburg, an 3 Samhain 2026

Barántas Gabhála Eorpach: ní leor an díréireacht a líomhnaítear idir an pionós a forchuireadh agus tromchúis an chiona, ann féin, chun údar a thabhairt le diúltú d'fhorghníomhú

Féadfar údar cuí a thabhairt, ar bhonn eisceachtúil, áfach, le diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, go háirithe i gcás ina gceadaítear nó ina bhforchuirtear fiú pianbhreitheanna príosúin faoi reachtaíocht an Bhallstáit eisiúna, ar pianbhreitheanna iad atá chomh díréireach sin gurb ionann iad agus pionós atá mídhaonna nó táireach nó i gcás nach gcuirtear tromchúis an chiona san áireamh sa reachtaíocht sin agus nach gceadaítear imthosca aonair a chur san áireamh.

Tá fear, ar cuireadh téarma príosúnachta seacht mbliana air sa Rómáin as trí ghram de channabas agus ceithre tháibléad MDMA a allmhairiú, ina ábhar do bharántas gabhála Eorpach. Agus an barántas sin á fhorghníomhú, iarrann breitheamh de chuid na hÍsiltíre ar an gCúirt an féidir tabhairt suas an duine lena mbaineann a dhiúltú ar an bhforas go bhfuil an phianbhreith a forchuireadh díréireach le tromchúis an chiona. San Ísiltír, tá cion inchomparáide inphionóis le téarma príosúnachta idir seachtain amháin agus trí seachtaine.

Meabhraíonn an Chúirt go gciallaíonn prionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit gurb é forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh an riail agus nach féidir é a dhiúltú ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dochar don oibleagáid cearta bunúsacha a urramú. Dá bhrí sin, cé go dtagann an ráthaíocht maidir le hurramú na gceart sin, thar aon ní eile, faoi fhreagracht an Bhallstáit a eisíonn an barántas, i gcás baol go sárófar na cearta bunúsacha a ráthaítear le dlí an Aontais, d'fhéadfadh údar eisceachtúil a bheith le diúltú ón mBallstát forghníomhaitheach tar éis scrúdú a dhéanamh in dhá chéim ar leith. Ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú ar dtús gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe, nó d'easnaimh a dhéanann difear do ghrúpa daoine atá inaitheanta go hoibiachtúil, sa Bhallstát eisiúna. Má chinntear go bhfuil a leithéid d'easnamh ann, ní mór dó a chinneadh ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca pearsanta an duine aonair, an bhfuil fíor-riosca ann, i dtéarmaí praiticiúla, go sárófar cearta bunúsacha an duine lena mbaineann.

Sonraíonn an Chúirt, áfach, nach leor fiú difríochtaí suntasacha idir na pionóis dá bhforáiltear le dlíthe na mBallstát, iontu féin, chun easnaimh den sórt sin a shuí. Féadfar easnaimh den sórt sin a shuí i gcás ina léirítear le dlí nó cleachtas breithiúnach an Bhallstáit eisiúna sárú follasach agus tromchúiseach ar phrionsabal chomhréireacht na bpionós, i gcás nach ann do leigheas breithiúnach éifeachtach. Bheadh sé sin amhlaidh, go háirithe, dá gceadófaí leis an reachtaíocht sin, nó dá bhforchuirfí fiú, pionóis a bhí chomh díréireach sin gur pionóis mídhaonna nó táireach iad de réir bhrí dhlí an Aontais, nó dá mba rud é nár ceadaíodh don chúirt tromchúis an chiona agus imthosca sonracha an cháis a chur san áireamh chun an pionós a choigeartú. Sa chás seo, measann an Chúirt nach nochtar le reachtaíocht na Rómáine easnaimh ar sárú follasach agus tromchúiseach iad ar phrionsabal chomhréireacht na bpionós a d'fhéadfadh údar a thabhairt le diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú.

I mí na Nollag 2023, gearradh pianbhreith chríochnaitheach ar DZ sa Rómáin, lenar cuireadh téarma príosúnachta 7 mbliana air, as trí ghram de channabas agus ceithre tháibléad a raibh MDMA iontu allmhairiú isteach sa tír sin. I mí Eanáir 2024, d'eisigh cúirt de chuid na Rómáine barántas gabhála Eorpach ina choinne chun go bhféadfadh sé an phianbhreith sin a chur isteach sa Rómáin.

Os comhair chúirt Amstardam (an Ísiltír), ar iarradh uirthi cinneadh a dhéanamh maidir lena thabhairt suas d'údaráis na Rómáine, rinne DZ agóid, ag áitiú go raibh an phianbhreith a forchuireadh air díréireach. Dúirt sé go raibh na drugaí beartaithe lena gcaitheamh go pearsanta ag a bhean chéile, a d'úsáid iad chun pian a mhaolú. Cuireann cúirt na hÍsiltíre in iúl gur cainníochtaí beaga drugaí iad sin agus nach raibh sé ar intinn ag an lánúin gáinneáil a dhéanamh orthu.

De réir chúirt na hÍsiltíre, forchuireadh le dlí na Rómáine, ag an am ábhartha, pianbhreith íosta príosúnachta 7 mbliana as drugaí 'ardriosca', amhail MDMA, a allmhairiú. Cé is moite de na féidearthachtaí teoranta chun an phianbhreith a laghdú, ní bheadh na cúirteanna na Rómáine in ann an méid beag drugaí a bhí i gceist a chur san áireamh ná an fíoras go raibh siad beartaithe le haghaidh tomhaltas pearsanta nó, fiú, gur allmhairíodh iad gan rún gáinneáil a dhéanamh orthu. Níorbh fhéidir ach oiread an phianbhreith a forchuireadh ar DZ a chur ar fionraí.

Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais an gceadaítear le dlí an Aontais [2] don údarás atá freagrach as barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú diúltú duine a thabhairt suas ar an bhforas go bhfuil an phianbhreith arna forchur díréireach [3] leis an gcion ba chúis leis an bpianbhreith sin agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí contrártha do phrionsabal na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.[4]

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go bhfuil prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh idir na Ballstáit ríthábhachtach i ndlí an Aontais. Ach amháin in imthosca eisceachtúla, ceanglaítear ar gach Ballstát toimhde a dhéanamh go gcomhlíonann na Ballstáit eile dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a ráthaítear leis. Tugtar le tuiscint leis na prionsabail sin **gurb é forghníomhú an Bharántais Gabhála Eorpaigh an prionsabal agus nach féidir diúltú a bheartú ach amháin i gcásanna eisceachtúla**.

Níl an cineál díréireach a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bpianbhreith, ann féin, i measc na bhforas le haghaidh neamhfhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh dá bhforáiltear go sainráite ag reachtas an Aontais. [5]

Mar sin féin, d'aithin an Chúirt 6 cheana féin, in imthosca eisceachtúla, go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, nó fiú nach mór dó, diúltú éifeacht a thabhairt do bharántas gabhála Eorpach i gcás ina bhfuil fíorbhaol ann go mbeadh sárú ar a chearta bunúsacha i gceist le tabhairt suas an duine lena mbaineann. [7]

Ní mór, i bprionsabal, anailís a dhéanamh ar an ann don riosca sin in dhá chéim i ndiaidh a chéile. Mar chéad chéim, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach faisnéis oibiachtúil, iontaofa, shonrach agus nuashonraithe go cuí a bheith aige lena léirítear, sa Bhallstát eisiúna, easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe nó easnaimh a dhéanann difear do ghrúpa daoine atá inaitheanta go hoibiachtúil lena mbaineann an duine atá i gceist. Is sa chás amháin go gcomhlíontar an chéad choinníoll sin go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, mar dara céim, scrúdú sonrach beacht a dhéanamh, ag féachaint dá staid phearsanta, an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar a chearta bunúsacha.

Sa chás seo, measann an Chúirt nach leor fiú difríochtaí suntasacha idir na pionóis dá bhforáiltear le dlíthe na mBallstát, iontu féin, chun easnaimh den sórt sin a shuí. In éagmais chomhchuibhiú iomlán an dlí choiriúil, d'fhéadfadh éagsúlacht shuntasach a bheith ann idir roghanna beartais na mBallstát in ábhar coiriúil. Dá gceadófaí don údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht pianbhreithe ar an bhforas nach mbeadh sí chomh dian céanna ina dhlíchóras féin, thabharfaí feidhm ghinearálta dó maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chinntí coiriúla a thugtar i mBallstáit eile, rud atá contrártha le prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh. (68, 77, 78)

Dá bhrí sin, ní féidir easnaimh lena bhféadfaí údar a thabhairt le hathbhreithniú den sórt sin a shuí ach amháin **má sháraítear le reachtaíocht nó cleachtas cásdlí an Bhallstáit eisiúna prionsabal na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis go follasach agus go tromchúiseach agus mura bhfuil aon leigheas breithiúnach éifeachtach ann lena bhféadfaí an sárú sin a leigheas**. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ina gceadaítear nó ina gceanglaítear fiú leis an reachtaíocht sin pianbhreitheanna príosúnachta a fhorchur atá chomh díréireach sin gurb ionann iad agus pionós atá mídhaonna nó táireach 8, nó i gcás nach gcuirtear tromchúis an chiona san áireamh sna rialacha is infheidhme agus nach gceadaítear don chúirt imthosca aonair an cháis a chur san áireamh chun an phianbhreith a choigeartú.

Sa chás seo, measann an Chúirt nach féidir an phianbhreith íosta de 7 mbliana a leagtar síos le dlí na Rómáine de bharr

drugaí ‘ardriosca’ a allmhairiú a mheas, inti féin, mar phionós mídhaonna nó táireach. Ina theannta sin, ceadaítear le dlí na Rómáine sainoiriúnú a dhéanamh ar an bpianbhreith. Féadfaidh an chúirt, go háirithe, cuspóir an chiona, cainníocht na ndrugaí lena mbaineann agus imthosca maolaitheacha nó speisialta a chur san áireamh agus, i gcásanna áirithe, aicmiú an chiona a athrú, rud a bhféadfadh laghdú ar an bpianbhreith a bheith mar thoradh air. Bhí DZ in ann agóid a dhéanamh freisin i gcoinne a chiontaithe ar achomharc agus ar phointe dlí.

Sna himthosca sin, **ní léirítear le reachtaíocht na Rómáine atá i gceist aon easnamh a d’fhéadfadh údar a thabhairt le forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú**.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú a bhaineann go heisiach leis na hábhair seo a leanas: (1) an comhchóras cánach breisluacha (CBL), (2) dleachtanna máil, (3) an Cód Custaim, (4) rangú earraí de réir taraife faoin Ainmníocht Chomhcheangailte, (5) cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair nó (6) an córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun gach iarraidh eile ar réamhrialú a láimhseáil.

Ní thugann ní an Chúirt Bhreithiúnais ná an Chúirt Ghinearálta rialú ar an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta. Beidh an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Déantar tagairt le cur i láthair na bhfíoras agus an chreata dhlíthiúil don am ábhartha agus tá sé bunaithe ar an gcáschomhad.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir d’fhógairt an bhreithiúnais ar fáil ar ‘ Curia Web TV ’ agus ar an ‘ European Broadcasting Service ’ ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d’fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit

[3] San Ísiltír, féadfar cion inphionóis le téarma príosúnachta idir seachtain amháin agus trí seachtaine a ghearradh as drugaí den chatagóir céanna a allmhairiú, i gcainníochtaí suas le 10 ngram. Ina theannta sin, bheadh na roghanna a bheadh ar fáil do chúirt na Rómáine chun an phianbhreith a laghdú nó a cur i bhfeidhm a chur ar fionraí níos teoranta ná na roghanna a bheadh ar fáil do chúirt na hÍsiltíre.

[4] Airteagal 49(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha.

[5] Airteagal 3, 4 agus 4a de Chinneadh Réime 2002/584

[6] Bunaithe ar an léiriú ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584.

[7] Féach breithiúnais na Cúirte an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru*, C-404/15 agus C-659/15 PPU (féach freisin preasráiteas Uimh. 36/16) agus an 25 Iúil 2018, *An tAire Dlí agus Cirt (Easnaimh sa chóras ceartais)*, C-216/18 PPU (féach freisin preasráiteas Uimh. 113/18).

[8] De réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, a bhfuil a bhrí agus a raon feidhme comhfhreagrach le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEorpa chun Cearta an Duine agus na Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.